Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11074 – L-GAM / EPIC BPIFRANCE / BIOSE)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2023/C 126/05)

1. An 30 Márta 2023, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— L-GAM GP II S.à.r.l. ("L-GAM", Lucsamburg),

— EPIC Bpifrance (an Fhrainc),

— Biose Industrie SAS ("Biose", an Fhrainc), faoi rialú Microbiota Anima Group SAS agus Cathay Capital Private Equity SAS.

Gheobhaidh L-GAM agus EPIC Bpifrance comhrialú, de réir bhrí Airteagal 3 (1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Biose ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is cuideachta infheistíochta atá lonnaithe i Lucsamburg é L-GAM, cuideachta a dhéanann infheistíochtaí fadtéarmacha i gcuideachtaí príobháideacha beaga agus meánmhéide san Eoraip,

— Is institiúid phoiblí tionscail agus tráchtála de chuid Stát na Fraince é EPIC Bpifrance, institiúid a chuireann chun cinn forbairt agus maoiniú cuideachtaí beaga agus meánmhéide do chuntas Stát na Fraince, atá dírithe ar an nuálaíocht agus ar an teicneolaíocht,

— Is cuideachta bith-theicneolaíochta é Biose, cuideachta a dhíríonn ar an earnáil micribhithóm agus a sholáthraíonn seirbhísí a bhaineann le forbairt conarthaí agus eagrú monaraíochta, go príomha le haghaidh táirgí beo bith-theiripeacha agus le haghaidh próibhitheach.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11074 – L-GAM / EPIC BPIFRANCE / BIOSE

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË